An Roinn Oideachais agus Scileanna
Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

Department of Education and Skills
Marlborough Street
Dublin 1

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Ciorclán 0006/2015

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta**

**Teidlíochtaí i leith Saoire do Thuismitheoirí d'Oifigigh Chléireachais agus d'Fheighlithe atá fostaithe i Scoileanna Náisiúnta faoi Scéim 1978/79 agus d'Oifigigh Chléireachais atá fostaithe in Iar-bhunscoileanna faoi Scéim 1978**

Ordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna daoibh na rialacháin agus na nósanna imeachta maidir le teidlíochtaí i leith saoire do thuismitheoirí d'Oifigigh Chléireachais agus d'Fheighlithe atá fostaithe i Scoileanna Náisiúnta faoi Scéim 1978/79 agus d'Oifigigh Chléireachais atá fostaithe in Iar-bhunscoileanna faoi Scéim 1978 a chur chun feidhme.

Beidh na rialacháin agus na nósanna imeachta lena gcur chun feidhme ag gach fostóir le héifeacht láithreach agus ní mór do gach ball foirne cloí le téarmaí an chiorcláin seo.

Gabhann an ciorclán seo in ionad na gciorclán, na meabhrán, na rialacha agus na rialachán go léir a eisíodh i dtaca le Teidlíochtaí i leith Saoire do Thuismitheoirí. Cinntigh go gcuirtear cóipeanna den chiorclán seo ar fáil do gach comhalta den Bhord Bainistíochta agus go ndírítear aird gach Oifigigh Chléireachais agus Feighlí atá fostaithe i Scoileanna Náisiúnta faoi Scéim 1978/79 agus gach Oifigigh Chléireachais atá fostaithe in Iar-bhunscoileanna faoi Scéim 1978 atá á bhfostú agat, lena n-áirítear iad siúd ar shaoire neamhláithreachta, ar an méid atá istigh ann.

Is féidir an Ciorclán seo a rochtain ar shuíomh Gréasáin na Roinne: http://www.education.ie/

Padraig Maloney
An Rannóg Párolla

02 Feabhra 2015

## TEIDLÍOCHTAÍ I LEITH SAOIRE DO THUISMITHEOIRÍ

### Sainmhínithe

Chun críocha an chiorcláin seo, sannfar cialla do na téarmaí seo a leanas mura léiríonn an comhthéacs a mhalairt:

**Tuismitheoir atá ag Uchtú** – tagraíonn an téarma 'tuismitheoir atá ag uchtú' d'fhostaithe a bhfuil tús curtha aige/aici le próiseas chun a bheith ina t(h)uismitheoir uchtála agus ar cuireadh leanbh faoina c(h)úram d'fhonn ordú uchtaithe a dhéanamh.

**Míchumas** – ciallaíonn sé sin, chun críocha na nAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, lagú seasmhach fisiciúil, céadfach, meabhairshláinte nó intleachta an linbh sa dóigh is go bhfuil an leibhéal cúraim atá riachtanach don leanbh i bhfad níos mó ná an leibhéal cúraim a bhíonn riachtanach go ginearálta do leanaí den aois chéanna nach bhfuil aon lagú den chineál sin acu.

**DSP** – ciallaíonn sé sin an Roinn Coimirce Sóisialaí.

**Fostóir** – ciallaíonn sé sin Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoileanna, meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Féadfaidh an Bord Bainistíochta/Bainisteoir freagracht as ábhair a leagtar amach sa chiorclán seo a tharmligean chuig Príomhoide na scoile.

**Fostaí** – ciallaíonn sé sin Oifigeach Cléireachais nó Feighlí atá fostaithe i Scoil Náisiúnta faoi Scéim 1978/79 nó Oifigeach Cléireachais atá fostaithe in Iar-bhunscoil faoi Scéim 1978.

**In Loco Parentis** – ciallaíonn sé sin nach mór don fhostaí atá ag cur iarratas isteach ar shaoire do thuismitheoirí bheith freagrach go dlíthiúil nó comhlíonadh a dhéanamh ar an gcritéar go bhfuil sé nó sí ina t(h)uismitheoir gníomhach ag an leanbh ar bhonn leanúnach.

**Tinneas Fadtéarmach** – ciallaíonn sé sin, chun críocha na nAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, tinneas fadtéarmach, arb é is éifeacht leis go bhfuil an leibhéal cúraim atá riachtanach don leanbh i bhfad níos mó ná an leibhéal cúraim a bhíonn riachtanach go ginearálta do leanaí den aois chéanna nach bhfuil aon lagú den chineál sin acu.

**An Roinn** – ciallaíonn sé sin an Roinn Oideachais agus Scileanna.

**Faisnéis Ghinearálta**

1. Is é is saoire do thuismitheoirí ann ná tréimhse **saoire neamhíoctha** atá ar fáil d'fhostaithe chun críche cúram a thabhairt do leanaí. Déantar foráil di faoi na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006, agus faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Saoire do Thuismitheoirí) 2013 (I.R. Uimh. 81 de 2013).

2. Meastar fostaí ar shaoire do thuismitheoirí, chun gach críche, a bheith fostaithe ag an am sin gan luach saothair agus aoisliúntas a áireamh. Tá an neamhláithreacht, dá bhrí sin, ináirithe go hiomlán chun gach críche eile, lena n-áirítear dul chun cinn ar an scála tuarastail bhreisíoch.

3. Ní fhéadfaidh fostaí atá neamhláithreach ar shaoire do thuismitheoirí gabháil d'aon chineál fostaíochta íoctha mar go bhfuil an tsaoire beartaithe go sonrach do chúram a thabhairt do leanaí, faoi théarmaí na nAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí.

**Teidlíocht i leith Saoire do Thuismitheoirí**

4. Le héifeacht ó 8 Márta 2013 tá sé de cheart ag fostaí 18 seachtain de shaoire thuismitheoireachta a ghlacadh i leith gach páiste suas go dtí aois 13 bliana nó go dtí aois 16 bliana i gcás páiste faoi mhíchumas agus/nó faoi bhreoiteacht fhadtéarmach. Níl aon oibleagáid ann, áfach, na 18 seachtain ar fad de shaoire a ghlacadh. Is ceadaithe d'fhostaithe a bhfuil 14 seachtain glactha acu roimhe seo iarratas ar 4 seachtaine breise a chur isteach anois i leith páistí a chomhlíon na critéir intofachta nuair a tháinig Rialacháin Tuismitheoireachta an AE 2013 [I.R. Uimh. 81 de 2013] i bhfeidhm ar 8ú Márta 2013 agus i ndiaidh an dáta sin..

5. Tá teidlíocht leithleach i leith saoire do thuismitheoirí óna p(h)ost ag gach tuismitheoir agus tá an tsaoire sin ar fáil do gach tuismitheoir a chomhlíonann ceann ar bith de na critéir seo a leanas:

   (a) an tuismitheoir nádúrtha
   (b) an tuismitheoir uchtála
   (c) an tuismitheoir atá ag uchtú
   (d) Fostaí atá ag gníomhú *in loco parentis* do leanbh

6. Sa chás go bhfuil fostaí ag gníomhú *in loco parentis*, is faoin bhfostóir a bheith sásta go bhfuil sé cuí saoire do thuismitheoirí a dheonú.

**Incháilitheacht**

7. Féadfaidh fostaí bheith incháilithe le haghaidh saoire do thuismitheoirí sa chás go bhfuil fostaíocht leanúnach bliana curtha isteach aige/aici leis an bhfostóir a nglactar an tsaoire óna f(h)ostaíocht.

8. I gcásanna ina bhfuil, ar an lá is déanaí le haghaidh tréimhse saoire do thuismitheoirí a thosú, seirbhís leanúnach atá níos lú ná bliain amháin agus níos mó ná trí mhí curtha isteach ag an bhfostaí leis an bhfostóir a bhfuil an tsaoire le glacadh óna f(h)ostaíocht, beidh an fostaí i dteideal saoire do thuismitheoirí i leith tréimhse de sheachtain amháin as gach mí de sheirbhís leanúnach atá curtha isteach lena f(h)ostóir tráth thosú na saoire.

9. Scoirfear den teidlíocht i leith saoire do thuismitheoirí ar dhul as feidhm an chonartha fostaíochta nuair nár athnuadh an conradh sin.

**Seoladh Comhfhreagrais**

10. Seolfaidh an fostóir gach comhfhreagras riachtanach chuig an bhfostóir ag an seoladh is déanaí a tugadh don fhostóir agus ní bheidh aon locht ar an bhfostóir sa chás nach bhfaigheann an fostaí an comhfhreagras sin.

**Patrún do Shaoire do Thuismitheoirí**

11. Féadfaidh fostaí leas a bhaint as saoire do thuismitheoirí i mbloc 1 seachtaine ar a laghad suas go dtí 18 seachtaine ar a mhéad.

12. Sa chás go gcuireann fostaí iarratas isteach ar shaoire do thuismitheoirí a mhairfidh 6 seachtaine nó níos mó, is é an íostréimhse nach mór don fhostóir a dheonú ná 6 seachtaine seachas i gcás chur ar atráth na saoire do thuismitheoirí nó i gcás dhiúltú na saoire do thuismitheoirí mar atá leagtha amach i míreanna 19-21 agus i míreanna 22-23 den chiorclán seo.

13. Le comhaontú an fhostóra, féadfar saoire do thuismitheoirí a scaradh i dtréimhsí a mhaireann laethanta.

**Teorainneacha Ama le Saoire do Thuismitheoirí**

14. Scoirfear den teidlíocht i leith saoire do thuismitheoirí tráth nach déanaí ná an lá ar a sroicheann an leanbh lena mbaineann 13 bliana d'aois, nó

    - i gcás leanbh uchtaithe atá idir 11 bhliain d'aois agus 13 bliana d'aois, tráth nach déanaí ná dhá bhliain tar éis dháta an ordaithe uchtaithe,

    - i gcás linbh atá faoi mhíchumas nó ar a bhfuil tinneas fadtéarmach, tráth nach déanaí ná an lá ar a sroicheann an leanbh 16 bliana d'aois.

15. Ní fhéadfaidh saoire do thuismitheoirí do níos mó ná leanbh amháin in aon tréimhse 12 mhí sárú a dhéanamh ar 18 seachtaine gan toiliú an fhostóra a fháil seachas i gcás ilbhreitheanna (cúpla, trínín etc.) sa chás go bhfuil teidlíocht reachtúil ag fostaí níos mó ná 18 seachtaine a ghlacadh in aon tréimhse 12 mhí.

**Saoire Bhliantúil/Saoirí Poiblí**

16. Déileálfaidh saoire bhliantúil bhreise le haon teidlíochtaí i dtaca le saoirí poiblí a tharlaíonn agus fostaí ar shaoire do thuismitheoirí.

17. Tá teidlíocht saoire bliantúla le glacadh tráth taobh amuigh den tréimhse saoire do thuismitheoirí.

18. Féadfaidh fostaithe a éiríonn as/a théann ar scor nó a scoirtear dá bhfostaíocht bheith i dteideal íocaíocht bhreise in ionad a saoire bliantúla fabhraithe.

**Saoire do Thuismitheoirí á Cur ar Atráth ag an bhFostóir**

19. Féadfar saoire do thuismitheoirí a chur ar atráth i gcásanna ina mbeadh drochthionchar suntasach ar oibriú an Fhostóra dá ndeonófaí an tsaoire ag an am sin agus, de ghnáth, ní fhéadfar an tsaoire a chur ar atráth ach uair amháin.

20. Sna cásanna sin, tá sé d'oibleagáid ar an bhfostóir:

- Dul i dteagmháil leis an bhfostóir sula ndéantar aon chinneadh ar an tsaoire a chur ar atráth
- Fógra i scríbhinn a thabhairt don fhostaí tráth nach déanaí ná 4 seachtaine roimh an dáta beartaithe ar a dtosóidh an tsaoire, sa chás go meastar an cur ar atráth a bheith riachtanach
- A chinntiú nach maireann an cur ar atráth níos faide ná 6 mhí ón dáta bunaidh ar a raibh an tsaoire do thuismitheoirí le tosú
- Dáta nua ar a nglacfar an tsaoire a cuireadh ar atráth a chomhaontú tráth a bheadh an fostaí ag oibriú ar shlí eile
- A chinntiú nach féidir cur ar atráth breise nó ina dhiaidh sin a cheadú ach ar an bhforas go dtéann sé i bhfeidhm ar athrú séasúrach.
- A chinntiú go bhfuil doiciméad deimhniúcháin nua (féach Mír 26 thíos) lena gcomhaontaítear leis na dátaí athbhreithnithe nua sínithe ag an dá pháirtí agus tuiscint acu go bhféadfar é sin a leasú tuilleadh ar choinníoll go gcomhaontaíonn an dá pháirtí déanamh amhlaidh.

21. Sa chás gur de bharr an chuir ar atráth amháin a théann leanbh thar an tairseach aoise, ní chailltear an teidlíocht i leith saoire do thuismitheoirí. Ba cheart an tsaoire a ghlacadh a luaithe is féidir tar éis dul i léig thréimhse an chuir ar atráth ar dháta cruinn a chomhaontaíonn an dá pháirtí.

**Diúltú do Shaoire do Thuismitheoirí a dheonú**

22. Sa chás go bhfuil foras réasúnach ann chun a chreidiúint nach bhféadfadh an fostaí bheith i dteideal saoire do thuismitheoirí, féadfaidh an fostóir diúltú don tsaoire sin a dheonú.

23. Sna cásanna sin, tá sé d'oibleagáid ar an bhfostóir:

- Fógra a thabhairt i scríbhinn don fhostaí faoi na cúiseanna leis an diúltú beartaithe agus iarraidh air/uirthi aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an ábhar laistigh de 7 lá.
- Breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí ón bhfostaí sula ndéanann sé/sí cinneadh deiridh ar cé acu a dhiúltófar nó nach ndiúltófar don tsaoire.
- Sa chás go gcinneann an fostóir sa deireadh diúltú don tsaoire, ní mór fógra i scríbhinn a thabhairt don fhostaí faoin gcinneadh lena ndéantar achoimre ar fhoras an diúltaithe.

**Saoire do Thuismitheoirí a Aistriú**

24. Faoi réir fhormheas an fhostóra, is féidir 14 seachtaine den teidlíocht 18 seachtaine i leith saoire do thuismitheoirí a aistriú chuig tuismitheoir eile linbh ábhartha, ar choinníoll go bhfuil an tuismitheoir eile fostaithe ag an bhfostóir céanna. De réir Threoir 2010/18/AE

ón gComhairle, is gá do gach tuismitheoir 4 seachtaine as a t(h)eidlíocht 18 seachtaine a choinneáil lena (h)úsáid phearsanta féin. Faoin Treoir sin, ní fhéadfar na 4 seachtaine sin a aistriú chuig tuismitheoir eile agus ní fhéadfaidh ach an tuismitheoir óna dtionscnaíonn an teidlíocht iad a úsáid. Ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh tuismitheoir amháin leas a bhaint as 32 seachtain agus go bhféadfaidh an tuismitheoir eile leas a bhaint as 4 seachtaine sa chás go bhfuil an bheirt tuismitheoirí fostaithe ag an aon fhostóir amháin.

**Iarratas ar Shaoire do Thuismitheoirí**

25. Ba cheart d'fhostaí iarratas ar shaoire do thuismitheoirí a dhéanamh chuig a f(h)ostóir 6 seachtaine ar a laghad roimh thosú na saoire, agus leas á bhaint as an bhfoirm iarratais fhorordaithe atá faoi iamh le hAguisín A leis an gciorclán seo.

**Doiciméad Deimhniúcháin Fostóra**

26. Agus an tsaoire do thuismitheoirí á deonú aige/aici, ba cheart don fhostóir, ceithre seachtaine roimh thosú na saoire, an doiciméad deimhniúcháin atá faoi iamh le hAguisín B leis an gciorclán seo a ullmhú leis an bhfostaí. Is ionann an doiciméad sin agus comhaontú dlíthiúil idir an dá pháirtí. Féadfaidh fostaí an t-iarratas a chúlghairm tráth ar bith roimh shíniú an doiciméid deimhniúcháin ag an dá pháirtí.

**Deimhniúchán don Roinn**

27. Ní mór don fhostóir an neamhláithreacht bheartaithe a thuairisciú tríd an gCóras Éileamh Ar Líne tráth nach déanaí ná 4 seachtaine roimh thosú na saoire. Toisc gur saoire neamhíoctha atá i saoire do thuismitheoirí, d'fhéadfadh go ndéanfaí ró-íocaíocht tuarastail leis an bhfostaí lena mbaineann mar thoradh ar mhoill mhíchuí ar an tsaoire a thuairisciú. Ní mór aon ró-íocaíocht tuarastail a thagann chun cinn ar an mbealach sin a aisghabháil ón bhfostaí.

**Ball Foirne a Ionadú**

28. Áit a bhfostaítear fostaí ionaid chun neamhláithreacht faoin gciorclán seo a chlúdach, is ceart go luafaí go soiléir sa chonradh sainchuspóra a bhronntar ar an bhfostaí atá ag clúdach na neamhláithreachta go bhfuil tosca ann ina gcaithfí deireadh a chur leis an gceapachán ionaid sa chás go bhfillfeadh fostaí atá as láthair ar an obair níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús.

29. Ní bheidh ball foirne ionaid den sórt sin i dteideal íocaíocht iomarcaíochta sa chás go bhfoirceannfar a p(h)ost mar gheall ar fhilleadh an fhostaí neamhláithrigh nó mar gheall ar chúis ar bith eile.

**Saoire do Thuismitheoirí a Fhoirceannadh**

30. Féadfaidh an fostóir saoire do thuismitheoirí a fhoirceannadh más ann d'fhoras réasúnach chun a chreidiúint go bhfuil an tsaoire á húsáid chun críche seachas chun cúram a thabhairt don leanbh/do na leanaí lena mbaineann.

31. Sula ndéanann sé/sí an tsaoire a fhoirceannadh, tá sé d'oibleagáid ar an bhfostóir:

- Fógra a thabhairt i scríbhinn don fhostaí lena chur in iúl go bhfuil an t-ábhar á bhreithniú, agus iarraidh ar an bhfostaí aighneachtaí a dhéanamh laistigh de 7 lá;

- Breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí ón bhfostaí sula ndéanann sé/sí cinneadh deiridh

- Fógra i scríbhinn a thabhairt don fhostaí faoin gcinneadh lena ndéantar achoimre ar an bhforas

32. Ba cheart a chur in iúl don fhostaí i bhfógra an chinnidh dheiridh faoin oibleagáid atá air/uirthi filleadh ar an obair tar éis 7 lá ón bhfógra sin a fháil.

**Cur ar Fionraí/Cur ar Atráth na Saoire do Thuismitheoirí de bharr Thinneas an Fhostaí**

33. Má tharlaíonn sé go dtagann tinneas ar an bhfostaí lena mbaineann le linn na tréimhse comhaontaithe saoire do thuismitheoirí, nó díreach roimh an tréimhse sin agus go bhfágann an tinneas sin nach bhfuil sé/sí in ann, nó nach mbeidh sé/sí in ann, cúram a thabhairt don leanbh, tá feidhm ag an méid seo a leanas:

    - Sa chás nach bhfuil tús curtha leis an tsaoire cheana féin, féadfar glacadh na saoire a chur ar atráth go dtí go mbeidh an fostaí in ann cúram a thabhairt don leanbh arís, nó

    - Sa chás go bhfuil tús curtha leis an tsaoire cheana féin, féadfar glacadh na coda eile den tsaoire a chur ar fionraí go dtí go mbeidh an fostaí in ann cúram a thabhairt don leanbh arís.

34. Sa chás gur gá an tsaoire a chur ar fionraí nó a chur ar atráth de bharr tinnis, ní mór don fhostaí, a luaithe is féidir, fógra i scríbhinn a thabhairt don fhostóir maidir le cur ar atráth/cur ar fionraí na saoire de bharr tinnis agus deimhniúchán cuí dochtúra a thabhairt don fhostóir, rud lena ndeimhnítear nach bhfuil an fostaí in ann cúram a thabhairt don leanbh de bharr tinnis.

35. Má táthar chun leas a bhaint as an gcuid den tsaoire atá ar fionraí, ba cheart a thabhairt faoi deara nach mór í a ghlacadh a luaithe is féidir tar éis a dheimhniú go bhfuil an fostaí in ann an tsaoire a thosú arís.

36. Má tharlaíonn sé, mar thoradh ar chur ar fionraí na saoire de bharr thinneas/éagumas deimhnithe an tuismitheora agus mar thoradh air sin amháin, go sáraíonn an leanbh an tairseach aoise, beifear fós i dteideal an tsaoire a ghlacadh agus ní mór í a ghlacadh a luaithe is féidir.

**Saoire do Thuismitheoirí atá fágtha ó fhostaíocht roimhe a thabhairt ar aghaidh**

37. Faoi réir na ngnáth-theorainneacha tairsí aoise agus faoi réir na ngnáthriachtanas seirbhíse, beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le fostaí a théann isteach sa scéim seo ó fhostaíocht roimhe inar baineadh leas as cuid den tsaoire do thuismitheoirí cheana féin;

- Coinneoidh sé/sí an ceart reachtúil atá aige/aici aon chuid den tsaoire do thuismitheoirí nár úsáideadh cheana féin agus a tugadh ar aghaidh chuig an bhfostaíocht nua a ghlacadh, agus

- Beag beann ar shocruithe a bhí ann roimhe, glacfaidh sé/sí a s(h)aoire do thuismitheoirí de réir théarmaí an chiorcláin seo.

**Forluí cineálacha saoire reachtúla**

38. Ní ceadmhach bheith neamhláithreach ar dhá chineál saoire reachtúla ag an am céanna. Sa chás go bhfuil forluí ann (e.g. saoire mháithreachais), féadfar saoire do thuismitheoirí a chur ar atráth ar feadh tréimhse réasúnta trí chomhaontú frithpháirteach idir an fostóir agus an fostaí.

**Iarratas ó Oifigeach Cléireachais uaireanta/patrún oibre a athrú**

39. Féadfaidh oifigeach cléireachais atá ag filleadh ar an obair tar éis saoire do thuismitheoirí athrú in uaireanta/patrún oibre a iarraidh ar feadh tréimhse shocraithe ama. Sa chás go bhfuil Oifigeach Cléireachais i mbun postroinnte, tá aon athrú ar a p(h)atrún postroinnte faoi réir an íosphatrúin phostroinnte 50:50 mar atá leagtha amach i mír 3.15 de Chomhaontú Bhóthar Haddington.

40. Ní mór iarratas den sórt sin a dhéanamh i scríbhinn chuig an bhfostóir a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná sé seachtaine roimh thosú beartaithe na tréimhse socraithe ama lena mbaineann. Ní mór cineál na n-athruithe atá á n-iarraidh agus dáta tosaithe agus fad ama na tréimhse socraithe ama atá á hiarraidh a shonrú san iarratas sin.

41. Agus an t-iarratas sin á bhreithniú aige/aici, beidh aird ag an bhfostóir ar théarmaí agus choinníollacha an Oifigigh Chléireachais i ndáil le saoire agus le luach saothair. Beidh aird aige/aici freisin ar riachtanais an fhostaí agus an fhostóra araon. Tabharfaidh an fostóir fógra i scríbhinn don Oifigeach Cléireachais maidir le cé acu atá an t-iarratas á dheonú nó á dhiúltú a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine ó iarratas a fháil.

42. Sa chás go gceadaítear an t-iarratas, ní mór don dá pháirtí comhaontú i scríbhinn a ullmhú agus a shíniú, rud ina leagfar amach na socruithe athbhreithnithe oibre, lena n-áireofar dáta tosaithe agus fad ama na n-athruithe. Ní mór don fhostóir an comhaontú bunaidh a choinneáil ar comhad agus cóip den chomhaontú a thabhairt don Oifigeach Cléireachais. Tráth ar bith roimh shíniú an chomhaontaithe, féadfaidh an tOifigeach Cléireachais, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don fhostóir, an t-athrú atá iarrtha ar uaireanta/patrún oibre a chúlghairm.

**Asbhaintí Deonacha**

43. Scoirfear d'asbhaintí deonacha ón tuarastal nuair a rachaidh fostaí ar shaoire do thuismitheoirí. Tá sé de fhreagracht ar an bhfostaí atá ag baint leas as saoire do thuismitheoirí a chinntiú nach rachaidh asbhaintí deonacha i léig. Níl an Roinn faoi dhliteanas i leith dul i léig polasaithe de chineál ar bith. Is féidir tuilleadh sonraí maidir le hasbhaintí deonacha a fháil ar shuíomh Gréasáin na Roinne www.education.ie faoi Foireann Oideachais – Faisnéis – Párolla/Airgeadas – Asbhaintí Deonacha.

**Socruithe Leasa Shóisialaigh**

44. Ba cheart gach ceist faoi shocruithe Leasa Shóisialaigh agus faoi chreidmheasanna cuí a chur ar an Roinn Coimirce Sóisialaí.

**Comhlíonadh**

45. Ní mór do gach fostóir/fostaí cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chiorclán seo. Má theipeann ar an bhfostaí cloí leis na rialacháin agus leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sa doiciméad seo, féadfar gníomh araíonachta a dhéanamh.

46. Ní mór don fhostóir na doiciméid ar fad a bhaineann le socruithe saoire do thuismitheoirí a choinneáil mar aon leis na taifid phearsanra ábhartha ar feadh 8 mbliana. Féadfar na taifid sin a roghnú lena n-iniúchadh ag oifigigh ainmnithe de chuid na Roinne.

**An fhoirm iarratais agus an doiciméad deimhniúcháin**

47. Tá cóipeanna den fhoirm iarratais ar shaoire do thuismitheoirí agus an doiciméad deimhniúcháin faoi iamh le hAguisíní A agus B.

**Tuilleadh Faisnéise**

48. De réir na míre réamhráití, tá na rialacháin sa chiorclán seo le cur chun feidhme ag an bhfostóir. Dá bhrí sin, ba cheart aird an fhostóra a dhíriú ar gach ceist ar dtús. Féadfaidh an fostóir dul i gcomhairle lena (h)eagraíocht ionadaíoch agus féadfar gur mian leis an eagraíocht ionadaíoch dul i gcomhairle leis an Roinn ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: NTSPayroll@education.gov.ie

Aguisín A

IARRATAS AR SHAOIRE DO THUISMITHEOIRÍ
(LE COMHLÁNÚ AG AN bhFOSTAÍ)

Scoil: Uimh. Rolla:

Ainm:

Seoladh Baile:

Uimh. Theileafóin:

UPSP:

Déanaim iarratas leis seo ar shaoire do thuismitheoirí i leith:

Ainm an Linbh: ___________________________________

Dáta breithe: _____________________

*(Ba cheart teastas breithe an linbh agus, nuair is infheidhme, fianaise ar dháta ordú uchtaithe an linbh, nó fianaise ar thuismitheoir atá ag gníomhú in loco parentis a bheith ag gabháil leis an iarratas seo)*

Ar bhain tú leas as saoire do thuismitheoirí i leith an linbh thuas roimhe seo?

Bhain □ Níor bhain □

Má bhain, sonraigh an líon seachtainí:

Tá sé beartaithe agam saoire do thuismitheoirí a ghlacadh mar a leanas:

Cuir tic leis

- I mbloc leanúnach amháin de 18 seachtaine
- I dtréimhsí ar leithligh a mhaireann seachtainí/laethanta mar a leanas:

Dátaí na saoire do thuismitheoirí mar a leanas:

| Dáta ó | Dáta chuig | Tréimhse iomlán na saoire do thuismitheoirí |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

Deimhním leis seo gur fíor agus cruinn atá an fhaisnéis atá taifeadta sa doiciméad seo agus go bhfuil m'iarratas ar shaoire do thuismitheoirí á chur isteach de réir na rialacháin agus na nósanna imeachta atá leagtha amach i gciorclán 0006/2015.

Síniú an Fhostaí: Dáta: ________

**Agus í comhlánaithe, seol an Fhoirm Iarratais seo ar aghaidh chuig d’fhostóir**

Aguisín B

DOICIMÉAD DEIMHNIÚCHÁIN LE hAGHAIDH SAOIRE DO THUISMITHEOIRÍ
(LE COMHLÁNÚ AG AN bhFOSTÓIR AGUS AG AN bhFOSTAÍ)

**Scoil:** **Uimh. Rolla:**

Deimhním leis seo gur deonaíodh saoire do thuismitheoirí do:

Ainm an Fhostaí: ______________________________

UPSP: ________________________

I leith:

Ainm an Linbh: ________________________ Dáta breithe:_______________

Deonaíodh saoire do thuismitheoirí de réir chiorclán 0006/2015 mar a leanas:

| Dáta ó | Dáta chuig | Tréimhse iomlán na saoire do thuismitheoirí |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

Síniú an Fhostaí: _ ____________________________

Dáta: ________________

Síniú an Fhostóra: ______________________________________________

Dáta: ________________

Tar éis é a shíniú, ní fhéadfar aon leasú a dhéanamh ar an doiciméad deimhniúcháin gan comhaontú a fháil ón dá pháirtí.

Ba cheart an doiciméad seo a choinneáil ar chomhad pearsanra an fhostaí agus ba cheart don fhostaí cóip a choinneáil.

Ba cheart cóip den fhoirm seo a sheoladh ar aghaidh freisin chuig: **Párolla na mBall Foirne Neamhtheagaisc, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain.**